

☼ An Lúibín ☼

24 Eanáir 2015

Turas na nGael

Táimid tar éis daonscoil Ghaeilge na bliana 2015 a chur dinn in Victoria na hAstráile, amuigh faoin tuath i lár na foraoise. Chuaigh sí ó 4-11 Eanáir (i samhradh dheisceart an domhain). Daoine meánaoiseacha is mó a bhí ann, cuid acu ó New South Wales agus iad go léir díograiseach; thug cúpla duine a glann leo, ach is cuma na críonnachta a bhí ar an ngnó seachas cuma na hóige.

Thug Val Noone agus Colin Ryan timpeall fiche duine leo agus iad ag tabhairt chuairt na dúiche. Lá te a bhí ann, timpeall 34 C°, ach ba bheag an chonstaic an teas. Míníodh brí stairiúil na n-áiteanna i mBéarla agus i nGaeilge. Tá Ballan, Gordon, Bungaree agus Springbank ina gcuid de cheantar leathan i lár Victoria ar chuir na hÉireannaigh fúthu ann i seascaidí an 19ú haois, rud a tharla tar éis gur roinneadh na réimsí móra féaraigh (na 'stáisiúin') de bharr na nAchtanna Talún. B'as Contae an Chláir do mhórán de na hÉireannaigh agus as Contae Thiobraid Árann a fáisceadh cuid eile. Thug siad an Ghaeilge leo agus bhí an teanga á húsáid ag na seandaoine fós in Bungaree sa chéad chuid den 20ú haois.

Ba iad na Watha wurrung (nó *Wathaurong*) cine bunaidh an cheantair.¹ D'fhulaing siad galracha nua agus foréigean na nEorpach, ach bhí cuid acu ag caitheamh saol traidisiúnta fós sna 1860í. Bhí obair le fáil acu ar na stáisiúin, rud a thug deis dóibh cloí lena dtailte sinseartha. Scaipeadh iad, áfach, nuair a cuireadh na feirmeacha beaga ar bun. Tá a gcuid fola le fáil i muintir na háite fós.

Ba é an t-ór ba thúisce a mheall roinnt mhaith de na hÉireannaigh. Bhí órcheantar ollmhór ag Ballarat i gcaogaidí an 19ú haois agus bhí daoine ar thóir an óir ag Gordon, ag Mt Egerton agus in áiteanna eile. Is minic a bhuaillidís leis na Watha wurrung, ó bhídís siúd ag margáiocht leis na mianadóirí, ag soláthar adhmaid, coirte agus clócaí craiceann pasam, agus fiú ag dul i bpáirt le mianadóirí ar lorg óir. I ndiaidh na hórthóraíochta chuaigh a lán Éireannach le feirmeoireacht nó le lománaíocht.

Tá uaigneanna Éireannacha le fáil i reiligí Ballan agus Gordon. Tá seanleaca suimiúla sa chuid uachtair de reilig Gordon, áit ar cuireadh daoine a rugadh i gContae an Chláir nuair ba thréine an Ghaeilge ann. Bhí dlús Éireannach in Bungaree, rud a chuidigh le cothú na teanga ar feadh glúine nó dhó.

Ar Ballarat a thugamar ár n-aghaidh ansin. Bhí roinnt mhór Éireannach in Ballarat agus cainteoirí Gaeilge ina measc. Tháinig a lán acu siúd i lár an 19ú haois ar lorg an óir agus bhí cuid acu páirteach i gceannairc Eureka, rud a tharla de bharr mhíshástacht na mianadóirí faoi mhursantacht na n-údarás. Bhí cainteoirí Gaeilge le fáil fiú i measc na saighdiúirí a cuireadh chun Ballarat chun an cheannairc a chur faoi chois. Bhí go leor cainteoirí Gaeilge in Ballarat fós sa dara cuid den 19ú haois agus orthu sin bhí Pádraig Ó Fearghail in Sebastapol, fear a bhíodh ar a dhícheall ag cur na teanga chun cinn.

Thugamar cuairt ar eaglais bhreá Naomh Ailipias,² a tógadh san áit a mbíodh ainm séipéil sna 1850í, agus chuaigh cuid againn isteach in Ardeaglais Naomh Pádraig, áit ard fhionnuar a bhfuil fuinneoga áille daite inti. Ansin bhaineamar amach láithreán na ceannairce, áit a bhfuil lárionad breá agus iarraidh á tabhairt ar an eachtra a cheangal le heachtraí sóisialta eile (iarraidh a théann beagán thar fóir, b'fhéidir).

¹ Féach <https://ga.wikipedia.org/wiki/Wathaurong>.

² Ba chara le Naomh Aigistín Ailipias (*Alipius*) agus baint acu araon le tuaisceart Rómhánach na hAifrice.

Abhaile linn ansin agus teas an lae curtha dinn againn. Dealraíonn sé gur thaitin an turas lena raibh ann. A leithéid eile romhainn, b'fhéidir, in Eanáir na bliana seo chugainn.



An Irish-Speaking Island

Wolf, Nicholas M. (2014). *An Irish-Speaking Island: State, Religion, Community, and the Linguistic Landscape in Ireland, 1770-1870*. University of Wisconsin Press. ISBN-10: 0299302741. ISBN-13: 978-0299302740

Ó am go chéile tagann leabhar inár dtreo a chuireann cruth fiornua ar an stair. Sin mar atá an scéal ag *An Irish-Speaking Island*. Maíonn an t-údar (atá ina ollamh cúnta in Virginia Commonwealth University) nach ar an imeall a bhí an Ghaeilge i rith nuachóirí na hÉireann sa 19ú haois, mar a deirtí riamh. A mhalairt ar fad, bhí sí fite fuaite sa nuachóirí sin agus í á húsáid i gcúrsaí dlí, creidimh, polaitíochta agus tráchtála. Is aisteach an rud é gur mar sin a bheadh an scéal agus an teanga ag cúlú, ach d'fhág an Ghaeilge a rian buan féin ar shaol a bhí ag athrú gan stad. Mar a deir Wolf:

It could hardly have been otherwise: increasing population overall had brought with it a swell of Irish speakers, and by simply going about their daily lives through the medium of that language – transacting business, cultivating the land, participating in religious activities, teaching school, and socialising with neighbours – this community necessarily participated in the larger changes to Irish society well underway by the third and fourth decades of the nineteenth century.

Fiú má bhí laghdú ag teacht ar chéatadán na gcainteoirí Gaeilge mar chuid den phobal iomlán, bhí trí mhilliún duine acu ann ar a laghad sa bhliain 1850. Bhí a bhformhór ina gcónaí in iarthar, in iardheisceart agus in iarthuaisceart na tíre ach bhí siad le fáil freisin i gContae Bhaile Átha Cliath, i sléibhte Chontae Loch Garman agus sna bailte móra. Agus bhain siad le gach ceird, aicme agus creideamh. Bhí easpaig ina measc, feisirí parlaiminte, breithimh, dóchtúirí, siopadóirí, clódóirí, feirmeoirí, cailíní aimsire agus, ar ndóigh, bacaigh.

Is fada scoláirí á áitiú gur Béarla amháin a bhí i réim ina lán réimsí foirmiúla den saol sin agus nach raibh le déanamh ag cainteoirí Gaeilge ach géilleadh de réir a chéile. Bhí dealú ann, mar sin. Ach is léir ón bhfianaise go ndearna cainteoirí Gaeilge an dealú sin a mhaolú nó a shárú, má bhí sé ann ar chor ar bith. Rinne siad é sin sna cúirteanna agus iad ina bhfinnéithe, ina gcúisitheoirí, ina gcosantóirí, agus fiú ina ngiúróirí. Is minic ab éigean do lucht polaitíochta ateangairí a úsáid i dtoghcháin áitiúla, i léirsithe in éadan deachúna agus i bhfeachtas Fhuascailt na gCaitliceach. Bhí Gaeilge le cloisteáil ar scoil, ar an aonach agus mar theanga adhartha.

Bhí fonn ar fheidhmeannaigh Thúdaracha agus Stíobhartacha stát aonteangach a dhéanamh, aidhm nár éirigh leo a bhaint amach. Faoi thús an 18ú haois, áfach, bhí uasaicme Phrotastúnach de Bhéarlóirí i gcumhacht, rud a lig do na húdaráis gan mórán airde a thabhairt ar cheist na Gaeilge. Ach faoi na 1770í bhí práinn ag teacht leis an gceist sin: bhí an stát agus an Eaglais araon ag dul i neart i gcúrsaí riaracháin agus bhí úsáid na Gaeilge forleathan fós. B'fhéarr le cuid éigin den uasaicme, idir Phrotastúnach agus Chaitliceach, fanacht le lánbhua an Bhéarla. Ach thug daoine eile iarracht ar chur ar chumas institiúidí stáit agus eile feidhmiú trí Ghaeilge.

Bhíodh ardmheas ag daoine ar an nGaeilge mar theanga an-ársá an-ghlán, fiú agus dúil acu sa Bhéarla. Anuas go dtí lár an 19ú haois agus níos déanaí fós bhí an dá theanga ar a dtoil ag a lán daoine, ach Gaeilge amháin a labhróidís eatarthu féin. Cóimheá theangeolaíoch a bhí ann ar feadh tréimhse, fiú agus an dá theanga ag dul i gcoimhlint le chéile.

Bhaineadh múinteoirí feidhm as an nGaeilge mar theanga theagaisc i scoileanna beaga áitiúla san 18ú haois agus sa chéad chuid den 19ú haois, agus níorbh fhéidir labhairt na Gaeilge a chosc sna scoileanna náisiúnta féin. Ba mhínic nár thug na daltaí leo ón scoil ach Béarla briste agus gan focal féin den teanga sin le cloisteáil acu sa bhaile.

Ar feadh i bhfad ba mhór an buntáiste duit Gaeilge a bheith agat mar chúntóir siopadóra nó cuntasóir in iarthar na tíre agus an teanga á lua mar riachtanas i bhfógraí.

Is minic a chuirtear cuid mhór den mhilleán ar an Eaglais Chaitliceach maidir le tréigean na Gaeilge. Ach maíonn Wolf, os a choinne sin, go ndearna na heaspaig agus eile tréaniarracht ar fhreastal ar dhaoine nach raibh Béarla acu. Chuirtear úsáid na Gaeilge san áireamh agus sagairt á n-oiliúint nó á gceapadh agus téacsanna cráifeacha á n-ullmhú. Bhí dlúthbhaint ag an teanga leis an 'réabhlóid deabhóide' úd a chuir dianrialacha nua cráifeachta i bhfeidhm agus a shamhlaítear leis an mBéarla amháin de ghnáth.

Sa leabhar seo tá pobal na Gaeilge tugtha ar ais go dtí lár an aonaigh, 'a speech community that, as long as it existed, was fully capable of negotiating the changes shaping the Ireland that emerged at century's end'. D'fhéadfaí, mar sin, cuimhneamh ar na hiarrachtaí athbheochana a rinneadh níos déanaí mar rud a fáisceadh as fuinneamh deireanach na teanga sa 19ú haois. Agus tugann an méid sin léargas ar an úsáid a baineadh as an teanga i Meiriceá agus san Astráil: tá leanúnachas ann.

Is deacair stair na teanga agus stair na tíre féin a scríobh ar an seanbhealach feasta. Tá an dúchas á thabhairt chun solais arís, a bhuíochas sin ar Wolf agus a leithéidí eile. Scoth leabhair.



Rud romhainn, rud inár ndiaidh

Tá sé in am bhreathnú arís ar staitisticí na Gaeilge mar atá siad le fáil i ndaonáireamh 2011 i bPoblacht na hÉireann 2011, agus treoir iontu maidir leis na blianta atá romhainn.³

Admhaítear gurb iad na cainteoirí laethúla agus seachtainiúla is mó a thugann léargas ar fhíorstaid na teanga in Éirinn. Bhí 77,185 duine ag labhairt Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais i 2011 agus 110,642 duine eile á labhairt gach seachtain. Fágann sin go raibh 187,827 duine a labhródh Gaeilge go seachtainiúil ar a laghad agus cuid mhaith acu óg go leor. As an 77,185 cainteoir laethúil bhí 55.84% sna bailte agus a bhformhór le fáil i mBaile Átha Cliath (18.4%).

Ní raibh Gaeilge á labhairt gach lá sna bailte ach 1.4% den phobal, ach ba chéatadán oilte iad. Bhí céim tríú leibhéal nó níos airde ag 43.8% de na cainteoirí laethúla a chríochnaigh a gcuid oideachais (le hais 25.8% sa Stát trí chéile).

Ach tá ag teip ar na scoileanna lán-Bhéarla i gcónaí cainteoirí líofa a sholáthar. Ní raibh ach 3,249 múinteoir bunscoile ag labhairt Gaeilge go laethúil lasmuigh den scoil in 2011 (as 19,665 múinteoir ranga, gan trácht ar mhúinteoirí de chineál eile). Agus ní raibh ach 2,074 múinteoir meánscoile á labhairt (as 11,442 múinteoir lánaimseartha). Thuigfeá as sin gur beag múinteoir a bheadh in ann a chuid daltaí a thabhairt chun líofachta.

Figiúr suimiúil: tá cainteoir Gaeilge laethúil amháin ar a laghad i 49,121 teaghlach agus cainteoir Gaeilge seachtainiúil amháin ar a laghad i 100,879 teaghlach. Tá a leithéidí scaipthe ar fud na hÉireann agus tá dlús cainteoirí den chineál sin le fáil in oirdheisceart Bhaile Átha Cliath.

Má thuigimid as an méid thuas go bhfuil an teanga ag dul i neart sna bailte agus go bhfuil teanga mheánaicmeach á déanamh di, ní hionann sin is a rá gur dlúthphobal uirbeach atá i gceist. Ach tá a líon ag dul i méid, go háirithe má chuimhnimid ar an 613,236 duine a dúirt gur labhair siad Gaeilge anois agus arís. Dá mbeadh fiú an ceathrú cuid acu measartha líofa dhéanadh sin 153,309 cainteoir eile, rud a sholáthródh os cionn 300,000 cainteoir líofa san iomlán agus a bhformhór ina nGaeilgeoirí. Agus tá stádas ard acu i gcúrsaí sóisialta, oideachais agus airgid.⁴

Is léir go bhfuil an Ghaeilge ag dul i neart sna bailte mar theanga mheánaicmeach, fiú mura bhfuil dlúthphobal Gaeilge le fáil fós ann. Deirtear go bhfuil dul chun cinn na teanga ag brath anois ar theaghlaigh le Gaeilge (nach bhfuil rólíonmhar), ar cheantair uirbeacha Ghaeilge (nach bhfuil ann díobh ach ceann amháin), ar chaiféanna, ar

³ Cainteoirí Gaeilge: http://www.cso.ie/en/media/csoie/census/documents/census2011profile9/Profile_9_Irish_speakers_-_Combined_document.pdf

⁴ Pléitear an cheist anseo: <http://ansionnachfionn.com/2012/03/30/census-2011-and-an-inconvenient-truth-irish-speaking-citizens-on-the-rise/>

thithe tábhairne agus eile a d'fháilteodh roimh Ghaeilgeoirí agus a neartódh na gréasáin atá ann. I ndiaidh a chéile a thógfar na caisleáin seo, agus ní mór a chuimhneamh nach ionann slua daoine a bhfuil Gaeilge acu agus pobal Gaeilge. Mar sin féin, ní measa an scéal anois ná mar a bhí: is féidir a rá go bhfuil Gaeilge ag timpeall 6% de phobal na Poblachta anois agus b'fhéidir gur fomheastachán é sin. Cinnte, tá an Ghaeltacht ar an dé deiridh ach tá na gréasáin uirbeacha ag fás gan stad. Agus tháinig rudaí éigin as: roinnt scríbhneoireachta, roinnt léitheoireachta, roinnt díospóireachta agus cuid mhór cabaireachta.

Fágfaidh an méid seo a rian ar an nGaeilge thar lear. Léann Meiriceánaigh agus Astrálaigh *Tuairisc.ie* agus *Nós*, éistean siad le Raidió na Gaeltachta, féachann siad ar TG4. Léann roinnt Éireannach *An Gael* agus fiú *An Lúibín*. Gréasán domhanda atá ann agus é ag dul i neart.



Ilteangach

Tá breis is dhá theanga dhéag foghlamtha ag Matthew agus ag Mícheál Youlden, cúpla rua i Manchain a bhfuil féasóg go hucht ar gach duine acu. Ar Mícheál is mó atá clú. Ar na teangacha atá ar a thoil aige féin agus a dheartháir tá Gaeilge, Gearmáinis, Iodáilis, Catalóinis, Spáinnis, Portaingéilis agus Francis.

I mbliana tá sé d'aidhm aige tabhairt faoin gCoirnis agus faoin mBeangáilis (agus an teanga úd á foghlaim aige trí Ghearmáinis). Leanfaidh sé air ag foghlaim dhá theanga eile atá idir camáin aige faoi láthair, Ungáiris agus Albáinis. Deir sé gurb é an buntáiste atá ag baint le dáta áirithe a bheith agat mar chuspóir go gcuireann sé ar do chumas an dul chun cinn a thomhas.

Admhaíonn sé nár chloigh sé lena chuid dea-rún i gcónaí san am a chuaigh thart, ach is dóigh leis go gcaithfidh tú cloí le clár deimhneach agus gan dul thar an méid oibre is gá a dhéanamh chun cuspóir áirithe a bhaint amach. Tá meas aige ar an sean-nath: tréimhsí gearra staidéir ach iad a bheith rialta.

Deir Mícheál (atá ina chónaí i Manchain anois) go roghnaíonn sé a chuid teangacha le spéis agus le fiosracht. Is maith leis an Choirnis agus a bhfuil de chosúlachtaí idir í agus an Ghaeilge, agus bhí an-suim aige riamh sa Bhriotainis. Tá áthas air go bhfuil idir Choirnis agus Ghaeilge ag dul i neart le roinnt blianta anuas.

Maíonn sé gur iontach an acmhainn é an tIdirlíon d'fhoghlaimoírí anois agus a bhfuil ar fáil d'fhoclóirí ar líne, de ranganna teagaisc fiseáin, d'fhóraim agus de chúrsaí iomlána. Bhí fonn air riamh dul taobh amuigh de na teangacha Eorpacha agus spreag scannán faisnéise é chun triail a bhaint as an mBeangáilis. Bíonn na deartháireacha ag obair as lámha a chéile, agus tá bliain torthúil rompu.

Is léir nach bua ar leith atá i geist anseo. Ní foláir duir dúil a bheith agat i teanga agus tabhairt fúithi go rianúil agus go buanseasmhach. Is féidir le duine ar bith, mar sin, Gaeilge a fhoghlaim!

Le léamh agus le féiceáil:

* http://www.babbel.com/magazine/10-tips-from-an-expert?slc=engmag-a1-vid-bv1-tipsandtricks-tb&utm_source=taboola&utm_medium=referral

* <http://globeadventureshorizons.blogspot.com.au/2014/05/matthew-polyglot.html>

* http://fr.babbel.com/magazine/le-super-polyglot-bonne-resolution?slc=framag-a8-vid-bv8-polybros2-ob&utm_source=outbrain&utm_medium=cpc&utm_campaign=cd_fraall_gfr_cx1_bv8_polybros2



TurasG

Fáisceadh TurasG as CeangalG (www.ceangalg.net), tionscadal atá maoinithe ag an AE chun roinnt airgid a dhéanamh as an nasc cultúrtha idir Gàidhealtachd na hAlban agus an Ghaeltacht. Tá sé d'aidhm ag TurasG léargas a thabhairt don chuid de chuid na chultúir a thabhairt don chuid de chuid na chultúir.

Tá a lán téamaí ann: an saol cois farraige, an saol ar tír, an stair, an creideamh, an dúlra, an ceol agus na healaíona. Tá scannáin agus grianghrafanna le feiceáil agus filíocht le cloisteáil.

Faigheann CeangalG airgead ón gclár Interreg IVA, clár de chuid an AE. Tá Sabhal Mòr Ostaig ag dul i bpáirt le hÚdarás na Gaeltachta agus Cultúrlann McAdam Ó Fiaich.

Ní mór a admháil, áfach, gur beag suim a bheadh ag an ngnáth-thurasóir ina leithéid de thionscadal. Tá, is dócha, roinnt éigin de chuid de chuid na chultúir 'ar fiú a mhealladh ar an dóigh seo, ach ní dhéanann Fáilte Ireland, mar shampla, tagairt ar bith don Ghaeilge. Ní bhaineann sí le scéal.

An fhadhb eile atá ann, ar ndóigh, gur baolach nach bhfuil sa nasc úd ach cuimhne ar rud a bhí. Tá an Ghaeltacht agus an Ghàidhealtachd an-lag. Ach rath ar an obair má tá rath le fáil.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

Leaganacha simplithe

Turas na nGael

Bhí daonscoil (seachtain Ghaeilge) ar siúl in Victoria na hAstráile i mbliana, mar is gnáth. Tháinig daoine as gach cearn chuige. Bhí an daonscoil ar siúl amuigh faoin tuath, siar ó Melbourne.

Thug Val Noone agus Colin Ryan timpeall fiche duine leo ar thuras timpeall an cheantair. Tá a lán áiteanna ann (Ballan, Gordon, Bungaree, Springbank agus eile) ar chuir na hÉireannaigh fúthu ann i seascaidí an 19ú haois. B'as Contae an Chláir do mhórán de na hÉireannaigh. Thug siad an Ghaeilge leo.

Ba iad na Watha wurrung (nó *Wathaurong*) cine bunaidh an cheantair. Bhí cuid acu ag caitheamh saol traidisiúnta fós i seascaidí an naoú haois déag. D'fhulaing siad galracha nua agus foréigean nuair a tháinig na hEorpaigh. Bhíodh cuid acu ag obair ar na réimsí móra caorach, ach scaipeadh iad nuair a cuireadh na feirmeacha beaga ar bun.

Tháinig mórán Éireannach ar lorg óir ag Ballarat agus in áiteanna eile sa cheantar i gcaogaidí an naoú haois déag. Is minic a bhuaílís leis na Watha wurrung ann. Ina dhiaidh sin chuaigh a lán Éireannach le feirmeoireacht nó le lománaíocht.

Tá uaigheanna Éireannacha le fáil i reiligí Ballan agus Gordon. Bhí mórán Éireannach in Bungaree, áit ar mhair an teanga ar feadh i bhfad.

Ar Ballarat a thugamar ár n-aghaidh ansin. Bhí roinnt mhór Éireannach in Ballarat agus cainteoirí Gaeilge ina measc. Bhí cuid acu páirteach i gceannairc Eureka, nuair a d'eirigh na mianadóirí amach i gcoinne na n-údarás. Thugamar cuairt ar láithreán na ceannairce, áit a bhfuil lárionad breá.

Dealraíonn sé gur thaitin an turas leis na daoine.

An Irish-Speaking Island

Wolf, Nicholas M. (2014). *An Irish-Speaking Island: State, Religion, Community, and the Linguistic Landscape in Ireland, 1770-1870*. University of Wisconsin Press. ISBN-10: 0299302741. ISBN-13: 978-0299302740

Tugann an leabhar seo léargas nua ar stair na Gaeilge in Éirinn roimh an Drochshaol agus fiú ina dhiaidh. Is minic a deirtear nach raibh baint ag an nGaeilge le nuachóiriú na hÉireann sa naoú haois déag, ach deir Wolf go raibh an teanga fite fuaite sa nuachóiriú sin. Deir sé go raibh mórán cainteoirí Gaeilge ann de bharr mhéadú an phobail. Níorbh fhéidir leo gan baint a bheith acu leis na hathruithe a bhí ag teacht ar shaol na ndaoine.

Bhí an chuid is mó de na cainteoirí sin ina gcónaí in iarthar, in iardheisceart agus in iarthuaisceart na hÉireann. Ach bhí siad le fáil freisin i gContae Bhaile Átha Cliath freisin agus sna bailte móra. Bhain siad le gach ceird, aicme agus creideamh. Bhí easpaig ina measc, feisirí parlaiminte, breithimh, dóchtúirí, feirmeoirí agus bacaigh.

Ach is léir ón bhfianaise gur thug cainteoirí Gaeilge dúshlán an Bhéarla. Bhain siad feidhm as Gaeilge sna cúirteanna, i gcúrsaí polaitíochta agus tráchtála, ar scoil agus sa séipéal.

Faoin ochtú haois déag bhí uasaicme Phrotastúnach i gcumhacht agus Béarla acu. Dá bhrí sin níor thug na húdaráis mórán airde ar cheist na Gaeilge. Ach faoi dheireadh na haoise sin an stát agus an Eaglais ag dul i neart i gcúrsaí riaracháin agus bhí an Ghaeilge á labhairt go forleathan fós. B'éigean do na húdaráis feidhm a bhaint as an nGaeilge dá bharr.

Bhíodh ardmheas ag mórán cainteoirí Gaeilge ar a dteanga. Gaeilge amháin a labhróidís eatarthu féin, fiú má bhí Béarla acu. Bhaineadh múinteoirí feidhm as an nGaeilge mar theanga theagaisc, fiú sna scoileanna náisiúnta. Ba mhinic nár thug na daltaí leo ón scoil ach Béarla briste agus gan focal féin den teanga sin le cloisteáil acu sa bhaile.

Ar feadh i bhfad ba mhór an buntáiste duit Gaeilge a bheith agat agus tú i mbun gnó.

Is minic a chuirtear milleán ar an Eaglais Chaitliceach maidir le meath na Gaeilge. Deir Wolf, áfach, go ndearna na iarracht ar fhreastal ar dhaoine nach raibh Béarla acu. Bhí dlúthbhaint ag an teanga leis an 'réabhlóid deabhóide' - nuachóiriú nósanna creidimh.

Cuireann Wolf síos ar lucht na Gaeilge mar phobal cumasach, 'a speech community that, as long as it existed, was fully capable of negotiating the changes shaping the Ireland that emerged at century's end'.